NUACHTLITIR

Deireadh Fómhair 2009

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com
Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Áine Uí Chuill, Cúil Aodha, a chuirfidh an taispeántas *An Duine Bocht Uasual ar Lorg na Déirce* i láthair ag Éigse an Fhómhair.

Seán Ó Muimhneacháin agus Seosamh Ó Críodáin a bheidh páirteach in Éigse an Fhómhair leis an agallamh beirte *Míthuiscint na mBróg.*

Thuas: Prionsias Ó Cuilinn, údar an dráma *An Croí Fealltach* a bheidh ar stáitse ag Club na Múinteoirí, Baile Átha Cliath ar an 16 Deireadh Fómhair.

Ar dheis: Aisteoirí Chorr na Móna a bheidh páirteach in Éigse an Fhómhair.

Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath

Léireoidh Aisteoirí Bulfin Geamaireacht na Nollag sa New Theatre, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath ó 14 Nollaig go 19 Nollaig seo chugainn. Beidh breis eolais ar fáil faoin léiriú nua seo go luath.

Ceardlann agus Dráma i nGaillimh

Beidh ceardlann drámaíochta á reachtáil ag Aisteoirí na hOllscoile, Gaillimh i gcomhar leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta ar an Déardaoin, 8 Deireadh Fómhair. Beartla Ó Flatharta a bheidh á stiúradh. Agus deir Niamh Ní Argáin linn go mbeidh dráma ar stáitse acu roimh Nollaig.

Fáilte roimh Éabha

Comhghairdeas le Mairéad Uí Fhátharta, Rúnaí Feidhmeannach an Chomhlachais agus a fear céile Micheál agus fáilte roimh a n-iníon óg Éabha, a tháinig ar an saol le deireanaí.

Lucht drámaíochta ó Chonamara, Cúil Aodha, Ráth Cairn, Baile Átha Cliath, Luimneach, Corca Dhuibhne, Acaill agus Tír Chonaill a bhí páirteach i gceardlann léiritheoireachta a d'eagraigh An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta in Órán Mór, Gaillimh le déanaí. Ba iad Muiris Ó Súilleabháin agus Seán Ó Morónaigh a bhí á stiúradh.
Ar chúl (ó chlé): Seán Ó Morónaigh, Micheál Ó Tuairisg, Seosamh Ó Críodáin, Gearóid Ó Mórdha, Jamie Ó Tuama, Proinsias Ó Cuilinn agus Seán Ó Catháin.
Sa lár: Bairbre Ní Thuairisg, Úna Uí Thuama, Sláine Ní Chathalláin, Niamh Ní Argáin, Áine Uí Chuill, Sinéad Ní Uallacháin agus Sinéad Ní Chonchúir.
Chun tosaigh: Tomás Mac Seáin, Méabh Ní Loingsigh, Clódagh Nic Gabhann, Sinéad Ní Fhlatharta, Séamus Ó Coileáin agus Muiris Ó Súilleabháin.

Boscó Ó Conchúir, Aisteoirí Bhréanainn

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2010

Corca Dhuibhne

30 Aibreáin – 2 Bealtaine

Proinsias Ó hOireachtaigh, cathaoirleach an Chomhlachais, a bhí i láthair ag an ócáid "Feidhmeanna agus Feidhmiú an Fhorais", léiriú ar obair Fhoras na Gaeilge ar 8 Meán Fómhair 2009, sa Ghaillearaí Fada, i Stormont.

Aisteoirí an tSean-Phobail

Bhí Halla Naomh Colmáin sa Sean-Phobal ins Na Déise nach mór lán ar oíche Dhomhnaigh 27 Meán Fómhair nuair a léirigh Aisteoirí an tSean-Phobail an dráma *Umar na hAimléise* leis an Ath. Victor de Paor.

Ar ndóigh léirigh an t-údar an dráma le hAisteoirí an tSean-Phobail sna seascaidí agus thug sé sásamh ar leith dúinn go raibh Pádraig Seosamh Ó Mathúna, a bhí sa chéad léiriú, ar stáitse arís sa léiriú seo.

Is fiú tagairt ar leith a dhéanamh do bheirt aisteoir nua a bhí go hana-mhaith sa léiriú nua – Déuglán de Paor agus Liam Ó Lionáin. Tá Liam ar fhoireann peile Phort Láirge chomh maith agus is maith mar a dheineann sé an dá thrá a fhreastal. Agus ní haon ionadh go dtagann an t-aisteoireacht go nádúrtha chuige mar bhí a athair Séan agus a shean-athair Séamus páirteach i ndrámaí le hAisteoirí na Rinne le blianta fada.

Aisteoirí aitheanta de chuid na nDéise ag baint sult as *Umar na hAimléise* i Halla Naomh Colmáin sa tSean-Phobal.
ó chlé: Liam Suipéil, Déaglán Turraoin, Seán Ó Lionáin agus Mathún Ó Caoimh.

Aisteoirí an tSean-Phobail sa dráma *Umar na hAimléise*
Ar chúl (ó chlé): Ciarán Ó Gealbháin, Liam Ó Lionáin, Déuglán de Paor, Pádraig Seosamh Ó Mathúna, Tomás Ó Cadhla, Pádraig Ó Cuirrín, agus Liam Ó Riain.
Chun tosaigh: Pádraigín Ní Chadhla, stiúrthóir; Nicola Ní Choistín, Úna de Paor agus Caitlín Tóibín.